Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11674/26**
**ADD 8**

**FREMP 239**
**JAI 965**
**AG 114**
**POLGEN 189**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2026) 907 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN<br>Tuarascáil 2026 maidir leis an Smacht Reachta<br>Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta in Éirinn<br>a ghabhann leis an doiciméad<br>Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún<br>Tuarascáil 2026 maidir leis an Smacht Reachta<br>Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2026) 907 final.

---

Faoi iamh: SWD(2026) 907 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.7.2026
SWD(2026) 907 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# Tuarascáil 2026 maidir leis an Smacht Reachta
# Caibidil Tíre maidir le staid an smachta reachta in Éirinn

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún**

**Tuarascáil 2026 maidir leis an Smacht Reachta**
**Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach**

{COM(2026) 900 final} - {SWD(2026) 901 final} - {SWD(2026) 902 final} - {SWD(2026) 903 final} - {SWD(2026) 904 final} - {SWD(2026) 905 final} - {SWD(2026) 906 final} - {SWD(2026) 908 final} - {SWD(2026) 909 final} - {SWD(2026) 910 final} - {SWD(2026) 911 final} - {SWD(2026) 912 final} - {SWD(2026) 913 final} - {SWD(2026) 914 final} - {SWD(2026) 915 final} - {SWD(2026) 916 final} - {SWD(2026) 917 final} - {SWD(2026) 918 final} - {SWD(2026) 919 final} - {SWD(2026) 920 final} - {SWD(2026) 921 final} - {SWD(2026) 922 final} - {SWD(2026) 923 final} - {SWD(2026) 924 final} - {SWD(2026) 925 final} - {SWD(2026) 926 final} - {SWD(2026) 927 final} - {SWD(2026) 928 final} - {SWD(2026) 929 final} - {SWD(2026) 930 final} - {SWD(2026) 931 final}

**ACHOIMRE**

Leanadh d'athchóirithe chun feabhas a chur ar cháilíocht chóras ceartais na hÉireann, agus is é dearcadh an phobail i gcoitinne agus cuideachtaí araon go bhfuil a neamhspleáchas an-ard. Rinneadh roinnt dul chun cinn breise maidir le costais dlíthíochta a laghdú, agus tá an Bille um Athchóiriú Sibhialta á dhréachtú faoi láthair. Foilsíodh athbhreithniú ar an scéim um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, agus tá athchóirithe á ndéanamh ar an gcóras um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil agus is é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an rochtain ar an gceartas. Is í Éire fós an Ballstát a bhfuil an líon is ísle breithiúna *per capita* aige, agus cé go bhfuil obair á déanamh chun breithiúna a earcú, tá imní fós ann maidir le leordhóthanacht na gcoimircí atá ann cheana le haghaidh choinníollacha fostaíochta na mbreithiúna. Tá tuilleadh beart á gcur chun feidhme chun digiteáil an cheartais a fheabhsú, amhail feabhas a chur ar an ríomhdhlíthíocht. Tá cinneadh maidir leis na chéad chéimeanna eile i ndáil leis na tuarascálacha ar na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, lena n-áirítear oibriú na Cúirte Coiriúla Speisialta, fós ar feitheamh. Tá imní fós ann maidir le fad na n-imeachtaí agus bailiú sonraí i dtaobh éifeachtúlacht fhoriomlán an cheartais, agus tá tionscnaimh á saothrú ag an tSeirbhís Chúirteanna chun feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí. Tá próiseas measúnaithe neamhspleách fós á ullmhú chun an ceart a bhunaítear le hAcht 2024 maidir le moilleanna ar imeachtaí cúirte a chur chun feidhme.

Is é an dearcadh atá ag saineolaithe, saoránaigh agus feidhmeannaigh ghnó go bhfuil leibhéal an éillithe san earnáil phoiblí fós measartha íseal. Tá an Straitéis Ilbhliantúil chun an Choireacht Eacnamaíoch agus an tÉilliú a Chomhrac formheasta. Feidhmíonn comhar idir na húdaráis inniúla go maith. Tá dúshláin fós ann maidir le leibhéil foirne chun cionta éillithe a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Ní dhearnadh ach dul chun cinn teoranta maidir leis an gcreat eitice a neartú agus maidir le dearbhuithe sócmhainní a neartú agus a dhigiteáil. Leantar den Rialachán um Brústocaireacht a chur chun feidhme. Tá tús á chur leis an athbhreithniú reachtúil ar an Acht um Nochtadh Cosanta i mbliana, agus tá comhairliúchán poiblí sceidealaithe chun tuilleadh fianaise a bhailiú maidir le taithí sceithirí eolais. Tá sé d'aidhm ag an rialtas córas a chruthú chun camastaíl tairiscintí a shainaithint, chun aghaidh a thabhairt ar an ardriosca éillithe sa soláthar poiblí.

Feidhmíonn rialtóir na meán go neamhspleách agus tá líon a bhaill foirne ag fás i bhfianaise mhéadú ar a inniúlachtaí rialála. Leanadh den athchóiriú ar chreat rialachais agus cistiúcháin na meán seirbhíse poiblí, agus foilsíodh an Bille Craolacháin (Leasú) i mí na Bealtaine 2026 a bhfuil sé d'aidhm aige neamhspleáchas rialachais a mhéadú agus athchóiriú a dhéanamh ar an measúnú ar chistiú. D'fhoilsigh an Rialtas reachtaíocht nua freisin chun aghaidh a thabhairt ar chomhchruinnithe i margadh na meán, ar thrédhearcacht úinéireacht na meán agus ar fhógraíocht stáit. Leis an mBille um Rialáil na Meán, aistrítear chuig rialtóir na meán an fhreagracht as measúnuithe a dhéanamh ar chumasc meán, chomh maith le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar leithdháileadh fógraíochta stáit. Tá an t-athchóiriú tugtha chun críche ag Éirinn ar an mBille um Chlúmhilleadh (Leasú), lena dtugtar isteach coimircí a chuireann in aghaidh cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí (SLAPPanna). Rinneadh an Bille um Scéim Ghinearálta maidir le Cásanna Dlí Straitéiseacha i gcoinne na Rannpháirtíochta Poiblí a fhoilsiú i mí Feabhra 2026, lenar tugadh i gcrích trasuí Threoir Frith-SLAPP an Aontais trí fhorálacha sa Bhille um Chlúmhilleadh a léiriú a mhéid a bhaineann le gach imeacht sibhialta agus tráchtála eile lasmuigh de chlúmhilleadh. Tá sábháilteacht iriseoirí fós cobhsaí, ach tuairiscíodh roinnt dúshlán mar sin féin a dhéanann difear dá dtimpeallacht ghairmiúil.

Lean Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas dá chuid gníomhaíochtaí, agus thug sé easpa acmhainní leordhóthanacha dá aire. Tá spás sibhialta na hÉireann fós oscailte. Seoladh tionscnaimh éagsúla chun cultúr an smachta reachta a chur chun cinn. Leanann an Coimisiún Toghcháin dá athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an Acht Toghcháin, 1997, lena ndírítear aird ar aghaidh a thabhairt ar na bacainní dlíthiúla a chuireann srian ar rochtain eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar chistiú.

**MOLTAÍ**

Ar an iomlán, bunaithe ar na moltaí i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, agus i bhfianaise forbairtí eile a tharla le linn na tréimhse tagartha, is iad seo a leanas conclúidí an Choimisiúin:

- Tá roinnt dul chun cinn breise déanta maidir le costais dlíthíochta a laghdú, ós rud é gur cuireadh i láthair Scéim Ghinearálta an Bhille um Athchóiriú Sibhialta lena dtugtar isteach roinnt príomh-athchóirithe atá dírithe ar chostais dlíthíochta a laghdú. Ós rud é nach bhfuil an t-athchóiriú glactha go fóill, moltar d'Éirinn *bailchríoch a chur ar an obair reachtach arb é is aidhm di costais na dlíthíochta a laghdú chun rochtain éifeachtach ar an gceartais a áirithiú, agus na caighdeáin Eorpacha maidir le costais dhíréireacha na dlíthíochta agus tionchar na gcostas sin ar an rochtain ar na cúirteanna á gcur san áireamh.*
- Tá dul chun cinn teoranta breise déanta chun an creat eitice atá ann cheana a neartú agus chun an córas dearbhuithe sócmhainní a neartú agus a dhigiteáil, agus tá iarrachtaí chun tús a chur le digiteáil dearbhuithe sócmhainní á mbreithniú laistigh den chreat atá ann faoi láthair. Ós rud é go bhfuil an 'Bille um Athchóiriú Eitice' fós á ullmhú agus gur gá digiteáil na ndearbhuithe sócmhainní faoin gcreat atá ann faoi láthair a chur chun feidhme fós, moltar d'Éirinn *leanúint de na hiarrachtaí chun an creat eitice atá ann cheana a neartú, lena n-áirítear cumas faireacháin agus forfheidhmithe an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, agus chun an córas dearbhuithe sócmhainní a neartú agus a dhigiteáil.*
- Rinneadh dul chun cinn teoranta maidir le haghaidh a thabhairt ar bhacainní dlíthiúla a bhaineann le rochtain eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar chistiú, agus tá athbhreithniú cuimsitheach ar siúl go fóill ag an gCoimisiún Toghcháin ar an Acht Toghcháin, 1997. Moltar d'Éirinn *leanúint de na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun dul i ngleic le dúshláin dhlíthiúla maidir le rochtain eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar chistiú, mar chuid den athchóiriú níos leithne ar an Acht Toghcháin.*

A mhéid a bhaineann le moltaí eile 2025, tagann an Coimisiún ar na conclúidí seo a leanas:

- Tá dul chun cinn nach beag déanta maidir leis an athchóiriú a thabhairt chun críche chun cistiú a sholáthar do na meáin seirbhíse poiblí is iomchuí chun a sainordú seirbhíse poiblí a shaothrú agus a neamhspleáchas á áirithiú, i bhfianaise glacadh an Bhille Craolacháin (Leasú). Ós rud é go gcumhdaítear ábhair an mholta seo le forálacha an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán (GESM), agus go leanfaidh an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí móra agus de thuairisciú a dhéanamh ar a dtionchar, áiritheofar obair leantach bhreise mar chuid de thacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit agus d'fhorfheidhmiú GESM.
- An moladh maidir leis an athchóiriú ar an Acht um Chlúmhilleadh a thabhairt chun críche chun an timpeallacht ghairmiúil le haghaidh iriseoirí a fheabhsú, agus na caighdeáin Eorpacha maidir le cosaint na n-iriseoirí á gcur san áireamh, tá sé curtha chun feidhme ina iomláine, i bhfianaise ghlacadh na reachtaíochta is gá.

# I. AN CÓRAS CEARTAIS[1]

## Neamhspleáchas

**An leibhéal neamhspleáchais bhreithiúnaigh a mheastar a bheith in Éirinn, tá sé an-ard anois i measc an phobail i gcoitinne agus cuideachtaí araon.** Ar an iomlán, tá 75 % den phobal trí chéile agus 78 % de na gnólachtaí den tuairim go bhfuil leibhéal neamhspleáchais na gcúirteanna agus na mbreithiúna 'sách maith nó an-mhaith' in 2026[2]. Tá ardú beag tagtha ar leibhéal an neamhspleáchais bhreithiúnaigh a mheasann an pobal i gcoitinne a bheith ann i gcomparáid le 2025 (72 %) agus le 2022 (73 %) freisin. Tá laghdú beag tagtha ar leibhéal an neamhspleáchais bhreithiúnaigh ia mheasann gnólachtaí a bheith ann i gcomparáid le 2025 (79 %) agus tá méadú beag tagtha air ó bhí 2022 ann (77 %).

**Leanann an Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha dá fheidhmeanna a chomhlíonadh.** Cuireadh tús iomlán an 1 Eanáir 2025 leis an Acht fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2023, a achtaíodh an 8 Nollaig 2023. Tá ról lárnach ag an gCoimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha i gceapacháin bhreithiúnacha agus cuireann sé agallamh ar na breithiúna uile a dhéanann iarratas ar ardú céime[3]. Faoin Acht fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, 2023, ceanglaítear ar gach breitheamh, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil ardú céime á lorg acu, dul faoi agallamh leis an gCoimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha.

## Cáilíocht

**Rinneadh roinnt dul chun cinn breise maidir leis an moladh go laghdófaí costais dlíthíochta tríd an mBille um Athchóiriú Sibhialta atá beartaithe[4].** Tá costais dlíthíochta fós ina n-ábhar imní[5]. Tacaíonn na páirtithe leasmhara le hinfheistíocht mhéadaithe sa chóras ceartais, cúnamh dlíthiúil sibhialta feabhsaithe, treoirlínte neamhcheangailteacha maidir le costais dhlíthiúla a leagan síos agus táillí arna bhforchur ag an stát a laghdú, agus é á chur i dtábhacht acu gur gá gnéithe sonracha na hÉireann mar dhlínse faoin dlí coiteann a chur san áireamh sa chomhthéacs sin[6]. Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin, i mí Eanáir 2026 d'fhoilsigh an Rialtas Scéim Ghinearálta an Bhille um Athchóiriú Sibhialta. Leis an mBille, tugtar isteach roinnt príomh-athchóirithe chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chórais ceartais agus chun costais dlíthíochta a laghdú ar deireadh, lena n-áirítear costais dlíthíochta an phróisis follasaithe (an chéim réamhthrialach), rud a mheastar a chuideoidh lena mhí-úsáid a chosc. Cuirtear athbhreithniú breithiúnach ar bhonn reachtúil leis

1 Tá forbhreathnú ar an gcreat institiúideach le haghaidh gach ceann de na ceithre cholún le fáil anseo.

2 Fíoracha 48 agus 50, Scórchlár Ceartais AE 2026, agus Fíoracha 51 agus 53, Scórchlár Ceartais AE 2024. Is mar a leanas a aicmítear an leibhéal neamhspleáchais bhreithiúnaigh a mheastar a bheith ann: an-íseal (braitheann níos lú ná 30 % de fhreagróirí go bhfuil an neamhspleáchas breithiúnach sách maith nó an-mhaith); íseal (idir 30-39 %), meánach (idir 40-59 %), ard (idir 60-75 %), an-ard (níos mó ná 75 %).

3 Tuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lch. 3.

4 Moladh d'Éirinn i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta 'an obair reachtach is gá a thabhairt chun cinn, a bhfuil sé d'aidhm aici costais na dlíthíochta a laghdú chun rochtain éifeachtach an cheartais a chinntiú, agus caighdeáin Eorpacha maidir le costais dhíréireacha dlíthíochta agus an tionchar atá acu ar rochtain ar na cúirteanna á gcur san áireamh'. Is é an measúnú a rinneadh roimhe seo i ndáil leis an moladh sin go ndearnadh roinnt dul chun cinn breise in 2025, go ndearnadh roinnt dul chun cinn in 2024 agus nach ndearnadh aon dul chun cinn in 2023.

5 Dlí Comhshaoil na hÉireann, tionscnamh arna óstáil ag An Taisce (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 8; An tAontas um Shaoirsí Sibhialta don Eoraip (2026), lch. 399; cuairt tíre ar Éirinn, ISME; An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (2026), ionchur i scríbhinn.

6 Barra na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn, lgh. 21-22.

an mBille freisin, lena n-áirithítear go mbeidh seasamh leordhóthanach ag catagóirí éagsúla dlíthithe chun agóid chuí a dhéanamh in aghaidh cinntí. Thairis sin, moltar sa Bhille go n-ardófaí na teorainneacha airgeadaíochta ar dhlínse na gCúirteanna Cuarda agus Dúiche, rud a laghdódh costais dlí trí níos mó cásanna neamhchasta a láimhseáil sna cúirteanna íochtaracha. Áirítear sa Bhille raon athchóirithe eile ar an nós imeachta sibhialta, a bhfuil sé d'aidhm acu próisis a chuíchóiriú agus costais a laghdú ar fud an chórais cúirte, rud a thug roinnt páirtithe leasmhara dlíthiúla dá n-aire a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an rochtain ar athbhreithniú breithiúnach[7]. Tá an grinnscrúdú réamhreachtach ar scéim ghinearálta an Bhille tugtha i gcrích[8], agus d'fhoilsigh an Comhchoiste um Cheartas, Gnóthaí Baile agus Imirce a thuarascáil ina leith an 24 Meitheamh 2026. Molann sé go bhféachfaí arís ar rialacha áirithe maidir le costais dlíthíochta, lena n-áirítear costais follasaithe agus athbhreithniú breithiúnach. Tá sé beartaithe an Bille um Athchóiriú Sibhialta a fhoilsiú sa tríú ráithe de 2026, faoi réir a dhréachtaithe[9]. I mí na Bealtaine 2026, shínigh an tAire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil agus an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin rialacháin chun éifeacht a thabhairt do thabhairt isteach scála táillí le haghaidh athbhreithnithe breithiúnacha comhshaoil, d'fhonn costas na n-imeachtaí sin a laghdú. Ar an iomlán, rinneadh roinnt dul chun cinn breise maidir leis an moladh go laghdófaí costais dlíthíochta chun rochtain éifeachtach ar an gceartas a áirithiú.

**Foilsíodh athbhreithniú ar an scéim um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, agus tá athchóiriú ar an gcóras um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil beartaithe, agus tá roinnt céimeanna déanta cheana féin maidir le táillí.** D'fhoilsigh an Grúpa Athbhreithniúcháin Neamhspleách a thuarascálacha maidir leis an athbhreithniú ar an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta i mí Iúil 2025[10]. Lean páirtithe leasmhara d'ábhair imní a chur in iúl maidir leis an scéim um chúnamh dlíthiúil sibhialta atá ann faoi láthair, agus é á chur i dtábhacht acu go bhfuil géarghá le dul chun cinn tapa a dhéanamh i dtaca le hathchóirithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna leanúnacha lena gcuirtear srian ar an rochtain ar an gceartas do na saoránaigh is leochailí[11]. Go sonrach, tá curtha in iúl ag Barra na hÉireann agus ag na Lárionaid um Chúnamh Dlíthiúil Saor in Aisce (FLAC)[12] go bhfuil gá le hathchóirithe chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas acmhainní, lena n-áirítear ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil, ar infheidhmeacht chúng agus ar chritéir incháilitheachta dhoiléire[13], ionas go dtabharfar aghaidh ar an staid reatha agus go gcomhlíonfar ceanglais ar dócha a bheidh méadaithe tar éis chur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce in 2026[14]. Thug an Roinn Dlí agus Cirt torthaí thuarascálacha an Ghrúpa Athbhreithniúcháin Neamhspleách dá haire agus tá athchóirithe á n-ullmhú aici a sheicheamhófar sa chaoi go leanfaidh an córas de bheith oibríochtúil fad a thabharfar feabhsuithe isteach[15]. Tá ról na n-abhcóidí coiriúla i

7 Cuairt tíre ar Éirinn, Barra na hÉireann.

8 Rialtas na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 2. Is iad scéim ghinearálta nó 'ceannteidil' bille forálacha imlíneacha na reachtaíochta atá beartaithe, a ndéanann Coiste Oireachtais grinnscrúdú orthu sula dtugtar téacs an Bhille chun críche.

9 Freagra i Scríbhinn (2026) ón Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce ar Cheisteanna Parlaiminteacha 722 go 727.

10 An Roinn Dlí agus Cirt (2025), Athbhreithniú ar an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta.

11 Barra na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 9; Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE) (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 135; cuairt tíre ar Éirinn, Líonra Comhshaoil na hÉireann agus Dlí Comhshaoil na hÉireann, tionscnamh arna óstáil ag An Taisce, Barra na hÉireann, Dlí-Chumann na hÉireann, Comhairle na hÉireann um Chearta an Duine, agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

12 Barra na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 9; FLAC (2026), ionchur i scríbhinn, lgh. 1-5.

13 FLAC (2026), ionchur i scríbhinn, lgh. 2-3.

14 Dlí-Chumann na hÉireann (2026), Aighneacht maidir le Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta.

15 Cuairt tíre ar Éirinn, an Roinn Dlí agus Cirt.

riaradh an cheartais agus i gcaomhnú an smachta reachta aitheanta go leanúnach ag an Rialtas agus, ó bhí 2025 ann, tá méadú 8 % curtha chun feidhme ag an Rialtas ar tháillí a íoctar le habhcóidí agus le haturnaetha faoin Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil[16]. D'fhógair an Rialtas bearta lena bhfuil sé beartaithe an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil a dhéanamh níos éifeachtúla, lena n-áirítear buntáille ar ionadaíocht i gcás, agus gheall sé freisin go n-athbhunófar táillí ón 1 Iúil 2026 ar aghaidh, rud a aisiompóidh ciorruithe a rinneadh roimhe seo.

**Cé go bhfuil tionscnaimh á ndéanamh chun an rochtain ar an gceartas a fheabhsú, tá creat oiriúnach fós le bunú chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le coimircí bunreachtúla do na breithiúna ó thaobh coinníollacha fostaíochta de.** Is í Éire fós an Ballstát a bhfuil an líon is ísle breithiúna per capita aige[17], agus tá obair á déanamh chun breithiúna a earcú. Leis an Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2025, a achtaíodh i mí na Nollag 2025, éascófar ceapadh 20 breitheamh breise idir an Chúirt Dúiche, an Chúirt Chuarda agus an Ard-Chúirt. Tagann na ceapacháin sin sna sála ar na 24 bhreitheamh breise a ceapadh roimhe sin in 2023 mar a mhol an Mheitheal um Pleanáil Bhreithiúnach. Chuir Barra na hÉireann i dtábhacht go mbeidh cur chun feidhme éifeachtach an Achta um Chúirteanna Teaghlaigh sna míonna agus sna blianta amach romhainn ag brath go mór ar leithdháileadh acmhainní leordhóthanacha[18]. D'fhógair an Rialtas go gcuirfidh sé an tAcht um Chúirteanna Teaghlaigh chun feidhme ina chéimeanna, agus é d'aidhm aige na chéad chúirteanna teaghlaigh a bhunú i mí Eanáir 2027. Is é is aidhm do Straitéis Eastáit na Seirbhíse Cúirteanna 2022-2025 a áirithiú go bhfreastalóidh foirgnimh agus saoráidí go héifeachtach ar riachtanais na n-úsáideoirí, agus go dtacófar le spriocanna an nuachóirithe agus na digiteála an tráth céanna[19]. Tá tuilleadh iarrachtaí á ndéanamh chun an rochtain ar an gceartas a nuachóiriú agus a fheabhsú, agus cuireann torthaí an chéad tsuirbhé riamh ar riachtanais dhlíthiúla in Éirinn bonn eolais faoi na hiarrachtaí sin freisin[20]. Chuir páirtithe leasmhara in iúl gur ábhar imní dóibh tabhairt isteach Comhpháirtíochtaí Dlí d'aturnaetha agus d'abhcóidí[21]. Tá an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí ag déanamh athbhreithnithe faoi láthair agus ag láimhseáil líon gearán atá méadaithe go mór, ar gearáin iad a bhaineann le haturnaetha agus abhcóidí – thart ar 1 000 cás in aghaidh na bliana, go príomha mar gheall ar mhí-iompar – agus tá méadú suntasach tagtha ar chastacht na ngearán sin[22]. Leanann páirtithe leasmhara[23] de bheith ag cur in iúl gur ábhair imní dóibh an easpa struchtúr iomchuí chun scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le coimircí bunreachtúla do na breithiúna i ndáil le coinníollacha fostaíochta, agus an tionchar a imríonn an easpa struchtúir sin ar neamhspleáchas na mbreithiúna[24]. Tá sé beartaithe go dtiocfaidh

16 Tá éifeacht leis an méadú ón 1 Eanáir 2025. Barra na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn, lgh. 9-10.

17 Fíor 36, Scórchlár Ceartais AE 2026 (líon na mbreithiúna in aghaidh 100 000 áitritheoir).

18 Barra na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 15.

19 Rialtas na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 9.

20 Tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, tá an Coimisiún ag tacú le hÉirinn an rochtain ar an gceartas a fheabhsú trí cheartas duinelárnach. Díríonn an tionscadal ar nuachóiriú na gcúirteanna agus ar chúnamh dlíthiúil, agus tosaíocht á tabhairt d'fhadhbanna ceartais a bhaineann le díospóidí teaghlaigh, roghanna neamhchúirte agus an rochtain ar an gceartas ag daoine ar ioncam íseal. Mar chuid den tionscadal, rinneadh an chéad suirbhé ar riachtanais dhlíthiúla in Éirinn.

21 Barra na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 13, lena gcuirtear i dtábhacht go bhféadfaidís a bheith ina gcúis le coinbhleachtaí leasa do chleachtóirí dlí a roghnaíonn oibriú faoin gcreat dlíthiúil sin.

22 Cuairt tíre, an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí.

23 Cuairt tíre ar Éirinn, an Príomh-Bhreitheamh agus Cumann Breithiúna na hÉireann.

24 De réir an Ghrúpa Stát in aghaidh an Éillithe (GRECO) (2014), mír 137, cúlghaireadh agus leasaíodh an fhoráil bhunreachtúil lenar díolmhaíodh breithiúna ó laghdú pá, rud a spreag moladh go mbunófaí creat chun scrúdú a dhéanamh ar choimircí bunreachtúla a bhaineann le coinníollacha fostaíochta breithiúna. In 2025, thug GRECO dá aire gur bunaíodh comhlacht comhairleach nua (is é sin Coiste Luacha Saothair

Coiste Luacha Saothair na bPost Sinsearach, a bunaíodh i mí an Mhárta 2024, chun bheith ina chomhlacht reachtúil[25], ach faoi láthair cuireann sé comhairle ar an Rialtas maidir le beartas pá na mbreithiúna agus ní chuireann sé comhairle neamhspleách ar fáil don Rialtas maidir le coinníollacha fostaíochta na mbreithiúna ar bhonn níos leithne.

**Leantar den obair chun feabhas a chur ar dhigiteáil an chórais ceartais, lena n-áirítear an ríomhdhlíthíocht.** Tá Éire go mór chun deiridh maidir le réitigh dhigiteacha chun imeachtaí a thionscnamh agus a leanúint i gcásanna sibhialta, tráchtála agus riaracháin[26]. Leis an gclár 10 mbliana um nuachóiriú dar teideal *The Courts Service Long-Term Strategic Vision to 2030: Supporting Access to Justice in a modern, digital Ireland*, tá dlús curtha le húsáid na teicneolaíochta digití. Forálacha chun éisteachtaí cianda agus doiciméid leictreonacha a chumasú, tá siad á bhforbairt lena dtabhairt isteach mar leasuithe ar an mBille um an Dlí Coiriúil, an Dlí Sibhialta agus Cosaint (Forálacha Ilghnéitheacha), 2026[27] le linn a rite trí Thithe an Oireachtais [28]. Leanadh den Chóras Aontaithe Bainistithe Cásanna a chur i bhfeidhm in 2025, agus mar chuid de sin tugadh isteach Tairseach na gCúirteanna lena bhfuiltear in ann iarratais agus comhduithe a dhéanamh ar líne[29]. Tá Tairseach na gCúirteanna le fáil ar fud na tíre ó bhí mí na Nollag 2025 ann, agus leathnaíodh í i mí na Samhna 2025 chun iarratais ar líne ar phromhadh a ionchorprú ar bhonn píolótach, agus an aidhm ann go mbeifear in ann comhdú leictreonach, seirbheáil leictreonach agus íocaíochtaí leictreonacha a dhéanamh agus orduithe digiteacha a bhailiú sna blianta amach romhainn[30].

**Tá obair leantach fós le déanamh ar na tuarascálacha ar na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit a mhéid a bhaineann le hoibriú na Cúirte Coiriúla Speisialta.** Leagtar síos leis na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit forálacha áirithe maidir le hoibriú na Cúirte Coiriúla Speisialta. I mí an Mheithimh 2023, rinne an Grúpa Neamhspleách ar cuireadh de chúram air athbhreithniú a dhéanamh ar na hAchtanna sin a thuarascálacha tromlaigh agus mionlaigh a fhoilsiú[31], tuarascálacha ina bhfuil moltaí chun na hAchtanna a aisghairm go hiomlán ach forálacha áirithe díobh a choinneáil sa reachtaíocht atá le cur ina n-ionad, lena n-áirítear cúirt nua neamhghiúiré a bhunú chun teacht in ionad na Cúirte Coiriúla Speisialta. Tá molta ag páirtithe leasmhara[32] go gcuirfí deireadh leis an gCúirt Choiriúil Speisialta nó go gcuirfí faoi réir athchóirithe substaintiúla í chun a áirithiú go n-urramófar an ceart chun trialach córa[33]. Tá moltaí na tuarascála tromlaigh á mbreithniú ag an Rialtas faoi láthair tar éis dó a fhógairt ina Chlár 2025 go bhfuil sé beartaithe aige an Chúirt Choiriúil

na bPost Sinsearach) ach tháinig sé ar an gconclúid nach bhfuil an moladh curtha chun feidhme ach go páirteach fós ar an ábhar, *inter alia*, nach féidir leis an gcomhlacht comhairle neamhspleách a sholáthar (GRECO, 2025, míreanna 30-38).

25 GRECO (2025), mír 36.

26 Fíoracha 39-47, Scórchlár Ceartais AE 2026, áirítear ar na rudaí a d'fhéadfaí a fheabhsú úsáid na teicneolaíochta digití ag cúirteanna agus seirbhísí ionchúisimh, uirlisí cumarsáide leictreonaí na gcúirteanna agus na réitigh dhigiteacha chun imeachtaí cúirte a reáchtáil agus a leanúint i gcásanna coiriúla.

27 Arna fhoilsiú an 9 Eanáir 2026 mar an Bille um an Dlí Coiriúil agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2026. Athraíodh teideal an Bhille go dtí an Bille um an Dlí Coiriúil, an Dlí Sibhialta agus Cosaint (Forálacha Ilghnéitheacha), 2026 trí leasú le linn dhíospóireacht Chéim Choiste na Dála an 19 Bealtaine 2026.

28 Rialtas na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 11.

29 Rialtas na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 11 agus cuairt tíre ar Éirinn, an tSeirbhís Chúirteanna.

30 Rialtas na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 11.

31 An Roinn Dlí agus Cirt (2023a), An tAcht um Chionta in Aghaidh an Stáit – Tuarascálacha an Ghrúpa Athbhreithniúcháin Neamhspleách.

32 An tAontas um Shaoirsí Sibhialta don Eoraip (2026), lch. 400; Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (2022), lch. 33.

33 Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lgh. 8-9.

Speisialta a choinneáil agus athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar roinnt forálacha dlíthiúla gaolmhara.

**Éifeachtúlacht**

**Tá imní fós ann maidir le fad na n-imeachtaí agus bailiú sonraí i dtaobh éifeachtúlacht fhoriomlán an cheartais, agus tá tionscnaimh á saothrú ag an tSeirbhís Chúirteanna chun feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí.** In 2024, ba é 83 % an ráta imréitigh le haghaidh cásanna neamhchoiriúla agus 72 % le haghaidh cásanna dlíthíocha sibhialta agus tráchtála, na rátaí ab ísle san Aontas[34]. Ní ann fós d'aon chóras chun meastóireacht thráthrialta a dhéanamh ar fheidhmíocht cúirte bunaithe ar tháscairí sainithe ná níl fad na n-imeachtaí cúirte á thaifeadadh go córasach, rud a fhágann nach féidir measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais ceartais ar bhealach comparáideach[35]. Le tuarascáil ó pháirtithe leasmhara le déanaí maidir le 'Táscairí ceartais', tacaíodh leis an tuairim go bhfuil tacar sonraí níos cuimsithí ag teastáil chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht sa chóras ceartais[36]. Tá tionscnaimh á saothrú ag an tSeirbhís Chúirteanna chun an fhaisnéis atá ar fáil maidir le gníomhaíochtaí agus imeachtaí cúirte a fheabhsú, cé go bhfágann sainiúlachtaí chóras na hÉireann go bhfuil an iarracht sin níos casta[37]. De réir sonraí ó thuarascálacha bliantúla na Seirbhíse Cúirteanna[38], ba é 630 lá meánfhad na n-imeachtaí sibhialta ag an Ard-Chúirt in 2024, laghdú 166 lá i gcomparáid le 2023. Tháinig méadú ar mheánfhad na n-imeachtaí i gcásanna coiriúla in 2024 i gcúirteanna áirithe. Is beag éagsúlacht a bhí ann maidir le fad na n-imeachtaí ag an gCúirt Achomhairc i gcásanna sibhialta (371 lá in 2024 i gcomparáid le 413 lá in 2023) agus coiriúla araon (413 lá in 2024 i gcomparáid le 427 lá in 2023). Tháinig méadú beag ar mheánfhad na n-imeachtaí achomhairc ag an gCúirt Uachtarach (371 lá in 2024 i gcomparáid le 329 lá in 2023), rud a d'aisiompaigh an treocht laghdaitheach a bhí ann.

**Tá próiseas measúnaithe neamhspleách fós á ullmhú chun an ceart a bhunaítear le hAcht 2024 maidir le moilleanna ar imeachtaí cúirte a chur chun feidhme.** Leis an Acht um Imeachtaí Cúirte (Moilleanna), a achtaíodh an 1 Bealtaine 2024 agus nár cuireadh i bhfeidhm go fóill, bunaítear ceart reachtúil chun imeachtaí cúirte a thabhairt chun críche go tráthúil, rud a chuireann ar a gcumas do dhaoine aonair dearbhú a lorg agus, i gcás inarb iomchuí, cúiteamh a lorg, i gcásanna inar cuireadh moill mhíchuí orthu laistigh den chóras ceartais. Leis an Acht déantar foráil maidir le sásra measúnaithe neamhspleách a chruthú, a oibreoidh faoi mhaoirseacht na Roinne Dlí agus Cirt, chun meastóireacht a dhéanamh ar éilimh ar sháruithe ar an gceart chun imeachtaí cúirte a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnta. Tá cur chun feidhme na scéime measúnaithe sin ar siúl faoi láthair, agus í le seoladh i mí an Mheithimh 2026, agus tiocfaidh an tAcht i bhfeidhm go hiomlán an tráth sin[39].

## II. AN CREAT FRITH-ÉILLITHE

---

34 Fíoracha 9 agus 10, Scórchlár Ceartais AE 2026. Tá na figiúirí sin cobhsaí den chuid is mó i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

35 Go sonrach, is iad sonraí a ullmhaítear de réir na modheolaíochta arna leagan síos ag an gCoimisiún Eorpach um Éifeachtúlacht an Cheartais, ar coimisiún de chuid Chomhairle na hEorpa é, a úsáidtear don Scórchlár Ceartais AE go ginearálta.

36 An Lárionad um Cheartas agus um Athchóiriú Dlí – Dlí-Chumann na hÉireann (2026), lch. 106.

37 Cuairt tíre ar Éirinn, an tSeirbhís Chúirteanna.

38 An tSeirbhís Chúirteanna (2025), lch. 124.

39 Rialtas na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 12.

**Is é an dearcadh atá ag saineolaithe, saoránaigh agus feidhmeannaigh ghnó go bhfuil leibhéal an éillithe san earnáil phoiblí fós measartha íseal.** In 2025 Corruption Perceptions Index le Transparency International fuair Éire 76/100 agus rangaíodh í sa seachtú háit san Aontas Eorpach agus sa dara háit déag ar domhan[40]. Is beag athrú atá tagtha ar an mbraistint sin le 5 bliana anuas[41]. Léiríonn Eorabharaiméadar Speisialta 2026 faoin Éilliú go measann 67 % de fhreagróirí go bhfuil éilliú forleathan ina dtír féin (meán an Aontais: 71 %) agus go mbraitheann 21 % díobh go ndéanann an t-éilliú difear dóibh ina saol laethúil (meán an Aontais: 30 %). A mhéid a bhaineann le gnólachtaí, measann 18 % de chuideachtaí go bhfuil an t-éilliú forleathan (meán an Aontais: 65 %) agus measann 10 % díobh gur fadhb é an t-éilliú agus iad i mbun gnó (meán an Aontais: 37 %). Thairis sin, feictear do 30 % de fhreagróirí go ndéantar dóthain ionchúiseamh rathúil chun daoine a dhíspreagadh ó chleachtais éillitheacha (meán an Aontais: 38 %), agus measann 33 % de ghnólachtaí go ngearrtar pionóis iomchuí ar dhaoine agus ar ghnólachtaí a mbeirtear orthu ag breabadh oifigeach sinsearach (meán an Aontais: 31 %)[42].

**Tá an Straitéis Ilbhliantúil chun an Choireacht Eacnamaíoch agus an tÉilliú a Chomhrac formheasta.** D'fhormheas an Rialtas Straitéis chun an Choireacht Eacnamaíoch agus an tÉilliú a Chomhrac, ar straitéis í nach mór a fhoilsiú fós[43]. Tá sé beartaithe go n-áireofar sa Straitéis cur chuige cuimsitheach tras-rialtasach i leith an choireacht eacnamaíoch agus an t-éilliú a chomhrac, agus go soláthróidh sí tagarmharc chun dul chun cinn a thomhas. Tá sé beartaithe go sainaithneofar léi bearnaí sna creataí reachtacha atá ann cheana agus bearta ba cheart a thabhairt cothrom le dáta chun léiriú a thabhairt ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn[44]. Rianófar cur chun feidhme agus dul chun cinn na Straitéise trí Phlean Gníomhaíochta, lena sannfar freagracht, bearta agus amlínte do chomhlachtaí ábhartha. Tá sé beartaithe go mbeidh tréimhse ama 5 bliana ag an Straitéis agus ag an bPlean Gníomhaíochta[45]. Measann an tsochaí shibhialta gur cheart don Straitéis agus don Phlean Gníomhaíochta a ghabhann léi measúnú a dhéanamh freisin ar na rioscaí a bhaineann leis an earnáil airgeadais[46].

---

40 Is mar a leanas a aicmítear an leibhéal éillithe a mheastar a bheith ann: íseal (os cionn 79); measartha íseal (scórtha idir 79-60), measartha ard (scórtha idir 59-50), ard (scórtha faoi bhun 50).

41 In 2021 ba é 74 an scór, agus 76 in 2025. Tagann feabhas/meath mór ar an scór má athraíonn sé níos mó ná cúig phointe; tagann feabhas/meath air (athruithe 4-5 phointe); tá sé measartha cobhsaí (athruithe 1-3 phointe) le 5 bliana anuas.

42 Sonraí ó Eorabharaiméadar speisialta 573 (2026) agus Flais-Eorabharaiméadar 582 (2026).

43 Rialtas na hÉireann (2026a), ionchur i scríbhinn. Tuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lch. 8. Moladh in 'Athbhreithniú Hamilton' a rinne an Roinn Dlí agus Cirt (2020) go bhforbrófaí agus go bhformheasfaí straitéis ilbhliantúil agus plean gníomhaíochta a ghabhann léi faoi R1 2022. Tosaíodh ar an obair ar an straitéis, a d'fhorbair an Chomhairle Chomhairleach in aghaidh na Coireachta Eacnamaíche agus an Éillithe, in 2022 agus tugadh i gcrích í ag deireadh 2025. D'eagraigh an Roinn Dlí agus Cirt comhairliúchán poiblí i ndáil leis an Straitéis ag deireadh 2024.

44 Rialtas na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn lgh. 15-16. Cuairt tíre ar Éirinn, an Chomhairle Chomhairleach agus an Roinn Dlí agus Cirt. Áirítear an méid seo a leanas ar na cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach sa dréachtstraitéis: gabháil sonraí agus measúnú ar bhagairtí; malartú faisnéise agus comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí; feabhas a chur ar an mbosca uirlisí le haghaidh forfheidhmithe agus ionchúisimh; aisghabháil agus coigistiú sócmhainní; agus cosc, oideachas agus feasacht.

45 Rialtas na hÉireann (2026a), ionchur i scríbhinn. Tacóidh an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, trína ról rúnaíochta don Chomhairle Chomhairleach, le comhordú agus maoirseacht ar an soláthar. Féadfaidh an Chomhairle meastóireachtaí tréimhsiúla a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar sholáthar agus ar éifeachtacht na mbeart.

46 Cuairt tíre ar Éirinn, Transparency International Ireland. Ina theannta sin, d'iarr Transparency International freisin go ndéanfaí tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme na straitéise, Tuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lch. 8.

**Cé go bhfeidhmíonn comhar idir na húdaráis inniúla go maith, tá dúshláin acmhainní fós ann maidir le himscrúdú a dhéanamh ar chionta éillithe agus iad a ionchúiseamh.** Imscrúdú a dhéanamh ar chionta éillithe, is cúram comhroinnte é laistigh de na póilíní náisiúnta, lena n-áirítear Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch agus a Aonad speisialaithe Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe. Mar a tuairiscíodh i mblianta roimhe seo[47], meastar nach leor na hacmhainní atá ar fáil le haghaidh imscrúdaithe. Tá Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch agus an tAonad Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe fós faoi bhun na leibhéal foirne atá beartaithe, agus chuir an tAonad Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe in iúl go bhfuil deacrachtaí aige baill foirne a choinneáil[48]. Tá dúshlán mór roimh an Aonad Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe maidir le hanailís a dhéanamh ar thacair sonraí atá an-mhór agus casta agus maidir le cumarsáid dhigiteach. Cuireann sé sin moill ar imscrúduithe agus teorainn leis an gcumas dul chun cinn a dhéanamh maidir le cásanna casta iomadúla i gcomhthráth, rud a chuireann i dtábhacht go bhfuil gá le huirlisí anailísíochta sonraí níos forbartha agus le sainoiliúint anailíse sonraí[49]. Thuairiscigh an tAonad Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe go raibh gá le cláir um dhíolúine maidir le cionta a bhaineann le héilliú, cosúil leo siúd a bhfuil feidhm acu maidir le cionta cairtéil choiriúil faoin Acht Iomaíochta 2002[50]. Is í Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a láimhseálann ionchúisimh éillithe, agus díríonn a hAonad Speisialta um Choireacht Airgeadais ar chásanna casta. Tá na leibhéil foirne ag an Aonad Speisialta um Choireacht Airgeadais cobhsaí agus tá iarrachtaí á ndéanamh chun saineolas speisialaithe laistigh den aonad a fheabhsú[51]. Leanann Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí den ghanntanas cuntasóirí fóiréinseacha a chur i dtábhacht[52]. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, tá dúshláin fós ann maidir le himscrúdú a dhéanamh ar an mbreabaireacht eachtrach mar gheall ar chomhar teoranta le tríú tíortha i gcúnamh dlíthiúil frithpháirteach[53]. Cuireadh stop sealadach leis an gcomhar idir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus an Garda Síochána maidir le Gardaí a bheith á n-earcú ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag

---

47 Tuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lch. 8 agus Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lch. 12.

48 Rialtas na hÉireann (2026a), ionchur i scríbhinn, agus cuairt tíre ar Éirinn, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch. I mí Feabhra 2022, leithdháileadh 125 bhall foirne ar Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch. In 2026, tá 133 ghníomhaire ag Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (18 gceann níos mó ná in 2025), agus tá sáirsint amháin agus ceathrar Gardaí ar fostú san Aonad Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe (beirt sháirsintí agus beirt Ghardaí anuraidh). Amhail mí Feabhra 2026, tá an tAonad Frithbhreabaireachta agus Frith-Éillithe ag obair ar 15 imscrúdú ghníomhacha agus tá trí chás breise á measúnú. Baineann ceithre imscrúdú le hoifigigh phoiblí eachtracha a bhreabadh. Mhol Athbhreithniú Hamilton go n-áiritheofaí acmhainní leordhóthanacha do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch. Féach Moladh Uimh. 4. Tá gá le hoiliúint struchtúrtha agus conairí gairme cosanta chun sainscileanna a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, Transparency International Ireland (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 20.

49 Cuairt tíre ar Éirinn, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch.

50 Cuairt tíre ar Éirinn, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch agus Transparency International Ireland (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 18.

51 Cuairt tíre ar Éirinn, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. I mí Feabhra 2026, tá ochtar oifigeach dlí agus oifigeach cléireachais amháin san Aonad Speisialta um Choireacht Airgeadais (ochtar aturnaetha ionchúisimh in 2025). Lorgaíodh tuilleadh acmhainní le haghaidh 2026.

52 Cuairt tíre ar Éirinn, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Tuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lch. 8 agus Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lch. 13.

53 Cuairt tíre ar Éirinn, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch, Tuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lch. 9 agus Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lch. 14. In 2025, bhí ceithre imscrúdú á ndéanamh maidir le breabaireacht eachtrach, ach níor tionscnaíodh aon ionchúiseamh foirmiúil. Cuairt tíre ar Éirinn, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Tuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta in Éirinn, lch. 9 agus Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lch. 14.

deireadh 2024, ach cuireadh tús arís leis an earcaíocht in 2025[54]. I mí Iúil 2025, thug an Rialtas isteach an Bille um Fháltais ó Choireacht agus Ábhair Ghaolmhara lena bhfuil sé beartaithe go neartófar cumas an Stáit sócmhainní coiriúla a reo agus a dhiúscairt, lena n-áirítear i gcásanna éillithe. Go sonrach, laghdódh sé an tréimhse feithimh éigeantach maidir le diúscairt deiridh sócmhainní urghafa ó 7 mbliana go 2 bhliain agus neartódh sé cumhachtaí an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla cuntais airgeadais a shrianadh agus sócmhainní a choinneáil i gcaitheamh imscrúdú ar fháltais ó choireacht[55]. An comhar idir Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus Éirinn mar Bhallstát neamh-rannpháirteach, leanann sé de bheith ag feidhmiú go maith agus gealltar i gClár Rialtais 2025 go rachfar isteach in OIPE. An Scéim Ghinearálta chun go gcumasófaí sin le bille, tá sí á hullmhú agus tá coinne lena foilsiú in 2026[56].

**Tá dul chun cinn éifeachtach á dhéanamh maidir le bearta chun sláine agus cuntasacht na bpóilíní a neartú.** I gcomparáid lena réamhtheachtaí, tá sainordú neartaithe ag Oifig nua an Ombudsman Póilíneachta (Fiosrú) a thosaigh ag oibriú i mí Aibreáin 2025[57]. Is féidir le Fiosrú moltaí reachtúla a chur faoi bhráid an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail, lena n-áirítear i gcás ina dtarraingíonn imscrúdú ábhair imní anuas maidir leis na cleachtais, na beartais nó na nósanna imeachta nó maidir le haon saincheist ghinearálta nó shistéamach. Is gníomhaireacht reachtúil neamhspleách é an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail arb é an ról atá aige maoirseacht agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána i ndáil le seirbhísí póilíneachta. Tá Fiosrú tar éis treoraíocht agus nósanna imeachta um imscrúduithe a fhorbairt faoin reacht nua[58]. Ó bunaíodh é, dhéileáil sé le roinnt cásanna éillithe agus tá méadú mór tagtha ar an líon iomlán imscrúduithe i gcomparáid leis an líon a fuair a réamhtheachtaí[59]. Tá coinne le próisis nua earcaíochta sna míonna amach romhainn[60]. Tá sé de chúram ar aonad imscrúdúcháin inmheánaigh na bpóilíní náisiúnta, Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána, éilliú laistigh de na póilíní a imscrúdú agus a chosc. Lean Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána d'imscrúduithe a dhéanamh agus de chlár foghlama agus seisiúin faisnéise maidir le héilliú a chur ar fáil do phearsanra póilíneachta in 2025[61]. Rinneadh feidhmchlár TF a fhorbairt agus a shuiteáil ar ghairis mhóibíleacha de chuid an Gharda Síochána chun éagóiritheoireacht a thuairisciú[62].

---

54 Cuairt tíre ar Éirinn, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch agus an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Faoi láthair, tá Bleachtaire Sáirsint amháin agus seachtar Bleachtairí Garda ar iasacht chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch, agus tá comórtas ar siúl chun poist ar iasacht a líonadh. Mar gheall ar shaincheist dhlíthiúil a bhaineann le maoirseacht shibhialtach ar phóilíní, cuireadh faoi deara don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach líonadh folúntas Gardaí a chur ar sos go déanach in 2024 agus é ag fanacht le soiléiriú dlíthiúil. Tar éis comhairle dlí a fháil in 2025, cuireadh tús arís le hearcaíocht Gardaí.

55 Rialtas na hÉireann (2026a), ionchur i scríbhinn. Cuireadh rith an bhille trí Dháil Éireann i gcrích an 17 Nollaig 2025 agus tá sé ag dul trí Sheanad Éireann faoi láthair.

56 Cuairt tíre ar Éirinn, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, ceist pharlaiminteach (2025) agus Tuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lch. 9.

57 Tuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lch. 9.

58 Rialtas na hÉireann (2026a), ionchur i scríbhinn.

59 Rialtas na hÉireann (2026a), ionchur i scríbhinn agus cuairt tíre ar Éirinn, Oifig an Ombudsman Póilíneachta (Fiosrú). Ní ar chionta éillithe atá sí dírithe go príomha, áfach.

60 Cuairt tíre ar Éirinn, Oifig an Ombudsman Póilíneachta (Fiosrú).

61 Tuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lch. 9. Is é 42 an líon iomlán daoine de phearsanra an Gharda Síochána atá ar fostú in Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána faoi láthair (36 chomhalta den Gharda Síochána, seisear ball foirne den Gharda Síochána), Rialtas na hÉireann (2026a), ionchur i scríbhinn.

62 Cuairt tíre ar Éirinn, Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána.

**Is teoranta an dul chun cinn breise atá déanta maidir leis an moladh go neartófaí an creat eitice atá ann cheana agus go ndéanfaí an córas dearbhuithe sócmhainní a neartú agus a dhigiteáil[63].** Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin ag ullmhú scéim ghinearálta reachtaíochta le haghaidh athchóirithe a bheidh le breithniú ag an Rialtas[64]. D'áirigh an Rialtas 'Bille um Athchóiriú Eitice' ina chlár reachtaíochta lena dhréachtú ar bhonn tosaíochta i seisiún samhraidh 2025 na Parlaiminte agus ina seisiún earraigh in 2026[65]. Tá coinne leis go dtabharfar aghaidh sa dréacht reachtach ar phríomhréimsí, lena n-áirítear feabhsú dualgas dlíthiúil oifigeach poiblí maidir le coinbhleachtaí leasa iarbhír agus féideartha a nochtadh, chomh maith le treisiú chumhacht an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí[66]. Faoin gcreat sin, le digiteáil dearbhuithe tá sé beartaithe go n-áiritheofar próiseas cuíchóirithe chun ráitis leasanna a chur isteach go tréimhsiúil, go mbeidh sé níos éasca ar an gCoimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí próiseáil a dhéanamh agus go mbeidh rochtain níos éasca ag an tsochaí shibhialta, agus go dtacófar le láimhseáil nósanna imeachta um ghearáin agus imscrúduithe[67]. An tráth céanna, rinneadh liostaí na stiúrthóireachtaí agus na bpost i gcomhlachtaí poiblí a chumhdaítear leis an gcreat eitice atá ann faoi láthair a thabhairt cothrom le dáta le reachtaíocht thánaisteach chun a áirithiú go leanfaidh an córas de bheith ag feidhmiú go héifeachtach agus a thograí le haghaidh athchóirithe á dtabhairt chun críche ag an Rialtas[68]. D'ainneoin an choigeartaithe sin ba ghá a dhéanamh, ní áirítear sa leasú sin tuilleadh bearta lena neartófaí go sonrach an creat eitice atá ann cheana. D'fhan leibhéal foirne an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí cobhsaí. Mheas an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige[69], ach chuir páirtithe leasmhara ábhair imní in iúl maidir leis sin[70]. Idir an dá linn, tá iarrachtaí chun tús a chur le digiteáil dearbhuithe sócmhainní á mbreithniú

---

63 Moladh d'Éirinn i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta an méid seo a leanas a dhéanamh:
- 'leanúint de na hiarrachtaí an creat eitice atá ann cheana a neartú, inniúlacht faireacháin agus forfheidhmiúcháin an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí san áireamh'. Is é an measúnú a rinneadh roimhe seo i ndáil leis an gcuid sin den mholadh go ndearnadh roinnt dul chun cinn breise in 2025, agus go ndearnadh roinnt dul chun cinn in 2024 agus 2023.
- 'agus an córas dearbhuithe sócmhainní a neartú agus a dhigitiú'. Is é an measúnú a rinneadh roimhe seo i ndáil leis an gcuid sin den mholadh go ndearnadh dul chun cinn teoranta in 2025, agus nach ndearnadh aon dul chun cinn in 2024.

64 Rialtas na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 3 agus cuairt tíre ar Éirinn, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Tuarascáil 2023 maidir leis an Smacht Reachta, lgh. 12-13.

65 Cuairt tíre ar Éirinn, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus Tuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lch. 10. Leanann eagraíochtaí sochaí sibhialta de bheith ag tathant ar an Rialtas an creat eitice a neartú. Cuairt tíre ar Éirinn, Comhairle na hÉireann um Chearta an Duine agus Transparency International Ireland. Comhairle na hÉireann um Chearta an Duine agus Transparency International Ireland (2026), ionchuir i scríbhinn, lgh. 17-18 agus lgh. 11 agus 13-14, faoi seach.

66 Tuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lch. 10.

67 Tuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lgh. 10-11 agus Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lch. 17. Measann eagraíochtaí sochaí shibhialta gur cheart sócmhainní agus dliteanais araon a áireamh sna ráitis. Tá sealbhóirí oifige poiblí, Teachtaí Parlaiminte agus raon oifigeach poiblí eile faoi réir rialacha maidir le dearbhú sócmhainní agus leasa faoi na hAchtanna Eitice atá i bhfeidhm faoi láthair (i.e. an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001).

68 Rialtas na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 3 agus cuairt tíre ar Éirinn, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Féach I.R. Uimh. 667/2025 a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026. Léirítear leis an tabhairt cothrom le dáta sin athruithe pearsanra agus eagraíochtúla laistigh den tseirbhís phoiblí, agus cruthú nó díscaoileadh comhlachtaí poiblí á gcur san áireamh.

69 Cuairt tíre ar Éirinn, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

70 Comhairle na hÉireann um Chearta an Duine (2026), ionchur i scríbhinn, lgh. 17-18 agus cuairt tíre ar Éirinn, Comhairle na hÉireann um Chearta an Duine.

laistigh den chreat atá ann faoi láthair. I ndáil leis sin, tá an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ag fiosrú aistriú féideartha ó dhearbhuithe páipéarbhunaithe faoi 2027[71]. I bhfianaise staid na himeartha a mhéid a bhaineann leis an digiteáil faoin gcreat atá ann faoi láthair, rinneadh tuilleadh dul chun cinn teoranta maidir le cur chun feidhme an mholta chun an creat eitice atá ann cheana a neartú agus chun an córas dearbhuithe sócmhainní a neartú agus a dhigiteáil.

**Leanadh de chur chun feidhme na leasuithe ar an rialachán maidir le brústocaireacht.** A mhéid a bhaineann le forálacha marana, measann an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí gur áirithíodh le tabhairt isteach na smachtbhannaí, atá i bhfeidhm ó bhí mí an Mheithimh 2024 ann, ardleibhéal comhlíontachta leis an ngá go bhfaighfí toiliú chun an tréimhse mharana a tharscaoileadh. Ba léir sin go háirithe tar éis olltoghchán 2025, nuair a d'fhág roinnt comhairleoirí speisialta agus Airí a bpoist sa Rialtas[72].

**Tá an t-athbhreithniú ar an Acht Toghcháin fós ar siúl, agus tá coinne leis go dtabharfaidh an Coimisiún Toghcháin moltaí faoi lár 2026.** Breithneofar san athbhreithniú an n-áireofar creat maoinithe na bpáirtithe polaitiúla ann agus ar cheart don Choimisiún Toghcháin feidhmeanna áirithe de chuid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí sa réimse sin a ghlacadh chuige féin[73]. Sa chomhairliúchán poiblí maidir le dréacht-Chlár Taighde 2024-2026, mhol roinnt freagróirí ar an gcomhairliúchán poiblí go ndéanfaí athbhreithniú ar rialacháin maidir le cistiú agus/nó caiteachas polaitiúil[74]. Tá coinne leis go bhfoilseoidh an Coimisiún Toghcháin an tuarascáil ar a athbhreithniú faoi lár 2026, tuarascáil ina ndéanfar moltaí a chuirfidh bonn faoi reachtaíocht nua, mar a luaitear sa Chlár Rialtais[75].

**Tá an t-athbhreithniú reachtúil ar an Acht um Nochtadh Cosanta ag tosú in 2026, agus déanfar comhairliúchán poiblí chun fianaise a bhailiú maidir le taithí sceithirí eolais.** Mar chuid den athbhreithniú reachtúil ar an Acht um Nochtadh Cosanta, seolfar comhairliúchán poiblí ag deireadh 2026 chun tuilleadh fianaise a bhailiú maidir le taithí sceithirí eolais, lena n-áirítear a dtaithí ar fhrithbheartaíocht, ar chultúr an ionaid oibre, agus

71 Cuairt tíre ar Éirinn, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Rialaíonn na hAchtanna Eitice an chaoi a bhfuil foirm na ráiteas leasanna bliantúil a cheanglaítear ar chomhaltaí den reachtas le cinneadh: Foráiltear le halt 5 d'Acht 1995 nach mór é sin a bheith ina ráiteas i scríbhinn, i cibé foirm a chinnfidh Cléireach gach Tí (i.e. an t-oifigeach riaracháin is sinsearaí), tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste um Leasanna Comhaltaí den Teach ábhartha agus leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Rialtas na hÉireann (2026b), ionchur i scríbhinn.

72 Cuairt tíre ar Éirinn, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Ní raibh ar an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a chumhacht smachtbhannaí a fheidhmiú i leith sáruithe ar na forálacha marana.

73 Tá róil mhaoirseachta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí faoin Acht Toghcháin, 1997 (arna leasú) agus faoin Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014. Déantar maoiniú polaitiúil, tabhartais pholaitiúla agus caiteachais toghcháin san áireamh, a rialú leis an Acht Toghcháin, 1997; déantar caitheamh cistí poiblí ar pháirtithe polaitíochta agus ar fheisirí neamhspleácha a rialú leis an Acht um an Oireachtas (Gníomhaíochtaí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014. Tuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lgh. 11-12.

74 An Coimisiún Toghcháin, Achoimre ar Aighneachtaí Taighde.

75 Cuairt tíre ar Éirinn, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Tuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lgh. 11-12 agus Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, lch. 19. Is dócha go soiléireofar leis na moltaí an mbeadh creat maoinithe na bpáirtithe polaitiúla mar chuid den athbhreithniú ar an Acht Toghcháin.

ar éifeachtacht na sásraí tacaíochta[76]. Fuarthas amach i suirbhé a rinne Transparency International Ireland in 2025 gur thuairiscigh 37,5 % de na sceithirí eolais a chuaigh i dteagmháil leo gur cuireadh pionós de chineál éigin orthu[77]. Tá comhar idir an rialtas agus an tsochaí shibhialta fós cuiditheach agus is cuid thábhachtach den chreat náisiúnta sceithireachta é, agus faisnéis chuimsitheach neamhchlaonta, treoraíocht speisialaithe, agus comhairle dlí saor in aisce do dhaoine aonair á soláthar ag Transparency International Ireland, le tacaíocht ó chistiú poiblí[78]. Léiríonn na figiúirí sealadacha maidir le sceithireacht le haghaidh 2025 go bhfuil tuilleadh méadaithe tagtha ar nochtaí[79].

**Is é is aidhm don Rialtas córas a chruthú chun camastaíl tairiscintí a shainaithint, rud a mheastar a bheith ina réimse riosca.** Léirítear le dearcthaí gnólachtaí i leith an éillithe san Aontas go gceapann 32 % de ghnólachtaí in Éirinn (is é 30 % meán an Aontais) gur chuir an t-éilliú bac orthu tairiscint phoiblí nó conradh soláthair phoiblí a bhuachan le 3 bliana anuas[80]. Measann 72 % de ghnólachtaí go bhfuil leibhéal neamhspleáchais an chomhlachta athbhreithnithe um sholáthar poiblí (an Ard-Chúirt) an-mhaith nó measartha maith agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar chásanna soláthair phoiblí[81]. Tuairiscítear le Scórchlár an Mhargaidh Aonair agus an Iomaíochais maidir leis an rochtain ar sholáthar poiblí in Éirinn 26 % de thairiscintí aonair le haghaidh 2025 (meán an Aontais: 27 %). I mí na Nollag 2025, seoladh comhairliúchán poiblí chun tuairimí a lorg maidir le dul i ngleic le camastaíl tairiscintí agus go háirithe maidir leis na coimircí ba cheart a chur chun feidhme. Is é príomhchuspóir an bhille atá beartaithe cumhacht a thabhairt don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) tairiscintí a scagadh féachaint an bhfuil patrúin camastaíola tairiscintí iontu[82]. Ina theannta sin, tá Straitéis Náisiúnta um Sholáthar Poiblí á forbairt. Ceann de phríomhthosaíochtaí na straitéise is ea an trédhearcacht, agus aird á díriú ar chreat nua a fhorbairt le haghaidh sonraí soláthair phoiblí lena n-áiritheofar go mbeidh sonraí ardchaighdeáin ar fáil chun tuairisciú, cinnteoireacht beartais agus oibleagáidí éisteachta na n-údarás conarthach a éascú[83]. Is iad na hearnálacha eile[84] atá sainaitheanta ag páirtithe leasmhara mar phríomhréimsí riosca ó thaobh an éillithe de soláthar príobháideach, fóntais phoiblí agus acmhainní nádúrtha, cúbláil spóirt[85], na hearnálacha pleanála agus forbartha[86],

---

76 Tháinig an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 i bhfeidhm in 2023. Rialtas na hÉireann (2026b), ionchur i scríbhinn agus ceisteanna tosaíochta, Díospóireacht Dháil Éireann (2025).

77 Bhain suirbhé Transparency International Ireland leas as sonraí ó 2 800 glaoiteoir ar a Líne Chabhrach ‘Speak Up’ idir 2020 agus 2024, agus as torthaí an tsuirbhé a rinne sé in 2023 maidir le hionracas ag an obair, a foilsíodh in *Speak Up Report 2025*. 157 gcliant a bhí sa chéatadán 37,5 % de chliaint a ghlaoigh ar an Líne Cabhrach *Speak Up* a aicmíodh mar sceithirí eolais idir 2011 agus 2024 agus a thuairiscigh gur cuireadh faoi réir frithbheartaíochta iad.

78 Rialtas na hÉireann (2026b), ionchur i scríbhinn agus cuairt tíre ar Éirinn, Transparency International Ireland.

79 Rialtas na hÉireann (2026b), ionchur i scríbhinn.

80 Flais-Eorabharaiméadar 582 maidir le dearcthaí Gnólachtaí i leith an éillithe san Aontas Eorpach (2026). Tá sé sin 2 phointe céatadáin os cionn mheán an Aontais.

81 Fíor 59, Scórchlár Ceartais AE 2026.

82 An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 5; Ceist pharlaiminteach (2026). Moladh in Athbhreithniú Hamilton go dtabharfaí reachtaíocht shonrach isteach chun go mbeifí in ann na sonraí soláthair phoiblí uile a bhailiú agus a chomhthiomsú agus anailís a dhéanamh orthu chun camastaíl tairiscintí a bhrath agus a dhíspreagadh. Féach an Roinn Dlí agus Cirt (2021), Athbhreithniú Hamilton, moladh uimh. 18.

83 An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (2026), ionchur i scríbhinn, lgh. 4-5. Féach *Policy statement: developing a new public procurement strategy for Ireland*, a foilsíodh an 26 Meitheamh 2024.

84 Go sonrach, rinneadh tagairt don soláthar maidir le seirbhís sláinte. Cuairt tíre ar Éirinn, Comhairle na hÉireann um Chearta an Duine (2026), ionchur i scríbhinn, lgh. 17-18.

85 Cuairt tíre ar Éirinn, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch.

tionscadail bonneagair mhuirí ar mórscála[87] agus fuinneamh amach ón gcósta[88] agus an earnáil airgeadais[89].

## III. IOLRACHAS NA MEÁN AGUS SAOIRSE NA MEÁN

**Leanann rialtóir na meán de bheith ag feidhmiú go neamhspleách.** Agus Coimisiún na Meán ann le 3 bliana anois, leanann sé de chraoltóirí, soláthraithe físeán ar éileamh agus ardáin ar líne a rialáil[90]. I mbliana, cuirfear tuilleadh feidhmeanna agus cúraimí de chúram ar Choimisiún na Meán i bhfianaise an Bhille nua um Rialáil na Meán[91]. Ó tháinig an Cód Sábháilteachta ar Líne i bhfeidhm go hiomlán i mí Iúil 2025, tá tús curtha ag rialtóir na meán lena chúraimí maoirseachta freisin[92]. Tá méadú tagtha ar an líon ball foirne le bliain anuas, ach tá athbhreithniú á dhéanamh ar na hacmhainní daonna i bhfianaise na gcúraimí breise[93]. Leanann Coimisiún na Meán dá chobhsaíocht airgeadais agus dá neamhspleáchas a choinneáil ar bun tríd an gcóras féinmhaoiniúcháin bunaithe ar thobhaigh a bunaíodh in 2025.

**Leanadh den athchóiriú a bhaineann leis an gcreat rialachais agus cistiúcháin do na meáin seirbhíse poiblí, agus tá Bille á bhreithniú ag an bParlaimint[94].** Foilsíodh an Bille Craolacháin (Leasú) i mí na Bealtaine 2026, bille a bhfuil sé d'aidhm aige neamhspleáchas rialachais a mhéadú agus athchóiriú a dhéanamh ar an measúnú ar chistiú do na meáin seirbhíse poiblí agus tá sé sna céimeanna tosaigh faoi láthair os comhair Dháil Éireann. D'fhonn teacht leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (GESM), tugtar isteach leis an mBille córas cistiúcháin 3 bliana do sholáthróirí meán seirbhíse poiblí na hÉireann, RTÉ agus TG4, agus ceanglaíonn sé ar Choimisiún na Meán athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht an chistiúcháin gach 3 bliana, agus an fhéidearthacht ann moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais, a gceanglófaí ar an Rialtas freagra a thabhairt orthu. Cé gur dhíol sásaimh do na páirtithe leasmhara é sin mar chéim dhearfach chun pleanáil níos fearr a dhéanamh i ndáil leis an gcraoltóir poiblí agus chun féachaint chuige go mbeidh sé slán i bhfad na haimsire, chuir siad in iúl nach leor an t-athchóiriú chun cistiú comhsheasmhach cobhsaí a sholáthar[95]. Thairis sin, mar fhreagairt ar a nochtadh i ndáil le teipeanna rialachais chorparáidigh ag RTÉ in 2023, is é is aidhm don Bhille rialachas neamhspleách na meán seirbhíse poiblí a mhéadú, ach cuireadh ábhair imní in iúl maidir leis an tionchar diúltach a d'fhéadfadh an mhaoirseacht rialála atá beartaithe a imirt ar an neamhspleáchas[96]. Áirítear sa Bhille bunú Chiste na Meán ar bhonn reachtach, rud atá beartaithe do thús 2027. Feidhmíonn an Ciste ar bhonn riaracháin cheana féin agus tá trí scéim iriseoireachta bunaithe aige, scéim claochlaithe dhigitigh, agus scéim chun tacú le soláthar ábhair nuachta agus cúrsaí reatha ar an teilifís tráchtála. Bunófar scéim meán pobail in 2026 freisin. Is fiú thart ar EUR 19 milliún

---

86 Cuairt tíre ar Éirinn, Tionscnamh Dhlí Comhshaoil na hÉireann agus Transparency International Ireland (2026), ionchur i scríbhinn, lgh. 17-18.

87 Transparency International Ireland (2026), ionchur i scríbhinn, lgh. 17-18.

88 Cuairt tíre ar Éirinn, Tionscnamh Dhlí Comhshaoil na hÉireann.

89 Transparency International Ireland (2026), ionchur i scríbhinn, lgh. 21-22.

90 Ainmníodh Coimisiún na Meán mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha i mí Feabhra 2024.

91 Rinneadh tagairt d'achtú lena bhfuil coinne faoi mhí Iúil 2026, Cuairt tíre (2026), Rialtas na hÉireann.

92 Rialtas na hÉireann (2026b), ionchur i scríbhinn.

93 Cuairt tíre ar Éirinn, Rialálaí Meán na hÉireann (Coimisiún na Meán).

94 I dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, moladh d'Éirinn 'an t-athchóiriú a thabhairt chun críche chun maoiniú a chur ar fáil do na meáin seirbhíse poiblí atá oiriúnach dá sainchúram seirbhíse poiblí a bhaint amach agus a neamhspleáchas á ráthú an tráth céanna'. Is é measúnú a rinneadh roimhe seo i ndáil leis an moladh sin in 2025 go ndearnadh roinnt dul chun cinn maidir leis.

95 Tugadh faoi deara i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, Éire, go raibh míshástacht ann le cinneadh an Rialtais modh cistiúcháin na táille ceadúnais teilifíse a choinneáil ar bun.

96 Cuairt tíre ar Éirinn, RTÉ (meáin seirbhíse poiblí).

na scéimeanna le chéile in 2026. Dá réir sin, tá dul chun cinn nach beag déanta i ndáil leis an moladh.

**I mí Feabhra 2026 foilsíodh reachtaíocht nua atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar chomhchruinnithe i margadh na meán, ar thrédhearcacht úinéireacht na meán agus ar fhógraíocht stáit.** Tá coinne leis go ndéanfaidh an Bille um Rialáil na Meán, atá ag dul trí thithe uachtaracha Dháil Éireann faoi láthair, freagracht as measúnú ar chumaisc meán a aistriú chuig Coimisiún na Meán ón Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, d’fhonn teacht leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (GESM). Tá coinne leis go mbunófar leis an mBille um Rialáil na Meán oibleagáid reachtúil ar Rialtóir na Meán bunachar sonraí um úinéireacht na meán a choinneáil ar bun. Dúirt páirtithe leasmhara, cé go bhfuil muinín sna meáin fós measartha ard, go léiríonn sonraí freisin ardleibhéil comhchruinnithe úinéireachta agus easpa faisnéise trédhearcaí maidir le húinéireacht thairbhiúil[97]. De réir na sonraí is déanaí ón Monatóir ar Iolrachas sna Meáin, meastar gur réimse meánriosca/ardriosca í trédhearcacht úinéireacht na meán (51 %, trí phointe céatadáin níos lú ná an bhliain roimhe sin). Leis an mBille um Rialáil na Meán, ainmneofar Coimisiún na Meán freisin chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar leithdháileadh caiteachais fógraíochta stáit ar sholáthraithe seirbhíse meán agus ar sholáthraithe ardán ar líne. D’fhoilsigh Coimisiún na Meán Dréachtbheartas maidir le hIolrachas sna Meáin in 2025[98], lena leagtar amach sainmhíniú ar iolrachas sna meáin, rioscaí agus dúshláin i sraith réimsí toraidh, agus táscairí ar dá réir a mholann rialtóir na meán go dtomhaisfí staid an iolrachais sna meáin. Tá coinne leis go dtabharfar an dréacht chun críche in 2026.

**An moladh chun an t-athchóiriú ar an Acht um Chlúmhilleadh a thabhairt chun críche, lena dtugtar isteach coimircí a chuireann in aghaidh cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí (SLAPPanna), tá sé curtha chun feidhme go hiomlán ag Éirinn[99].** Síníodh an tAcht leasaitheach ina dhlí an 19 Feabhra 2026 agus déanann sé athchóiriú ar an gcóras clúmhillte in Éirinn: cuireann sé cosaintí i bhfeidhm maidir le cásanna SLAPP intíre agus trasteorann araon[100]. Áirítear ar na príomh-athchóirithe bearta chun réiteach díospóidí a spreagadh, cosaintí nua agus leasaithe lena n-áirítear le haghaidh na craoltóireachta bheo agus an fhoilsithe ar mhaithe le leas an phobail agus coimircí chun SLAPPanna i gcásanna clúmhillte a chosc. Tá sé d’aidhm aige costais dlí agus moilleanna a laghdú, chomh maith le tacú le rochtain níos éasca ar an gceartas dóibh siúd a ndéantar ionsaí éagórach ar a gclú agus dóibh siúd a gcuirtear faoi réir imeachtaí clúmhillte gan bhunús. Ina theannta sin, beifear in ann sásamh níos intuartha agus níos comhréirí a fháil i gcásanna clúmhillte dá bharr. Cháin roinnt páirtithe leasmhara an deireadh a cuireadh le giúiréithe i gcásanna na hArd-Chúirte, áfach[101]. An tráth céanna, rinneadh Scéim Ghinearálta an Bhille um Chásanna Dlí Straitéiseacha i gcoinne na Rannpháirtíochta Poiblí a fhoilsiú an 11 Feabhra 2026 i gcomhthéacs thrasuí Threoir Frith-SLAPP an Aontais, i leith gach imeacht sibhialta agus tráchtála eile lasmuigh d’imeachtaí clúmhillte[102]. I bhfianaise na bhforbairtí

---

97 Comhairle na hÉireann um Chearta an Duine (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 19.
98 Dréachtbheartas Choimisiún na Meán um Iolrachas sna Meáin.
99 Moladh i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta d’Éirinn ‘bailchríoch a chur ar athchóiriú an Achta um Chlúmhilleadh chun an timpeallacht ghairmiúil le haghaidh iriseoirí a fheabhsú, agus na caighdeáin Eorpacha maidir le cosaint na n-iriseoirí á gcur san áireamh’. Is é an measúnú a rinneadh roimhe seo i ndáil leis an moladh sin go ndearnadh roinnt dul chun cinn breise in 2025, agus go ndearnadh dul chun cinn nach beag in 2024 agus roinnt dul chun cinn in 2023.
100 An Roinn Dlí agus Cirt (2026), ionchur i scríbhinn, lgh. 3-4.
101 Cuairt tíre ar Éirinn, Comhairle Preasa na hÉireann; Comhairle na hÉireann um Chearta an Duine (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 20.
102 An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, Preaseisiúint an 11 Feabhra 2026.

sin, tá an moladh sin curtha chun feidhme go hiomlán.

**Tá sábháilteacht iriseoirí cobhsaí i gcónaí; mar sin féin, tuairiscíodh roinnt dúshlán a dhéanann difear do thimpeallacht ghairmiúil iriseoirí.** Leanann Grúpa Rannpháirtíochta na Meán de bheith ag feidhmiú mar fhóram le haghaidh comhar idir an ghairm agus an fórsa póilíneachta, agus cuireann sé sásra ar fáil d'iriseoirí agus d'eagraíochtaí meán chun ionsaithe nó bagairtí a logáil, agus i dtéarmaí imscrúduithe a thionscnamh freisin. Leanann Grúpa Rannpháirtíochta na Meán de sheisiúin oiliúna a reáchtáil d'eagraíochtaí meán maidir le sábháilteacht le linn léirsithe, sábháilteacht ar líne agus comhairle slándála[103]. In 2025, tuairiscíodh naoi dteagmhas san iomlán do Ghrúpa Rannpháirtíochta na Meán, ach ní dhearnadh aon ghearán coiriúil go foirmiúil[104]. Thug páirtithe leasmhara dá n-aire go mbíonn roinnt naimhdis ag an bpobal i leith iriseoirí ag léirsithe atá de chineál níos dothuartha[105]. Thairis sin, maidir le cosaint foinsí, rinneadh Bille nua an Gharda Síochána (Cumhachtaí) a foilsíodh i mí na Nollag 2025, arb é is aidhm dó creat reachtúil a sholáthar chun gairis leictreonacha a urghabháil agus scrúdú a dhéanamh orthu, lena dtabharfar isteach próiseas faoi mhaoirseacht bhreithiúnach i dtaca le faisnéis phribhléideach, a cháineadh freisin mar gheall ar an bhfaitíos go mbeadh tionchar díobhálach aige ar shaoirsí an phreasa[106]. Ó foilsíodh Tuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta, níor cláraíodh aon fholáireamh nua ar Ardán Chomhairle na hEorpa maidir le cosaint na hiriseoireachta agus sábháilteacht na n-iriseoirí a chur chun cinn. Le hardán Mapping Media Freedom, tuairiscíodh ciontú i gcás bagairt agus ciapadh in aghaidh triúr iriseoirí ar mná iad a théann siar go 2023[107], ach tá an iriseoireacht mar ghairm bheatha fós faoi réir méid áirithe neamhchinnteachta, agus is fadhb fós é bagairtí díreacha agus ar líne a bheith á ndéanamh ar iriseoirí, ar bagairtí iad a mbaineann an ghné inscne leo[108]. Leanann Éire de scór maith a fháil maidir le gairm, caighdeáin agus cosaint na hiriseoireachta ón Monatóir ar Iolrachas sna Meáin, a rangaíonn í mar riosca íseal (30 %).

## IV. SAINCHEISTEANNA INSTITIÚIDEACHA EILE MAIDIR LE SRIANTA AGUS CEARTÚCHÁIN

**Tá Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ag leanúint dá ghníomhaíochtaí ach is ábhar imní fós dó an ganntanas acmhainní.** Rinne Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas dul chun cinn maidir lena chuid oibre i ndáil le cúig thosaíocht straitéiseacha in 2024: comhionannas eacnamaíoch, ceartas, meas agus aitheantas, féachaint chuige go seasfar an aimsir, agus dualgas na hearnála poiblí[109]. Measann Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas nach bhfuil acmhainní leordhóthanach aige fós chun aghaidh a thabhairt ar a chúraimí uile mar Institiúid Náisiúnta na hÉireann um Chearta an Duine[110] agus mar Chomhlacht Comhionannais Náisiúnta[111]. Thug Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas dá aire gur lagaíodh an comhar leis na húdaráis de réir a chéile, lena n-áirítear i gcásanna nach raibh an reachtóir rannpháirteach i gceart nó nár thug sé dóthain ama chun ionchur substainteach a

103 Cuairt tíre ar Éirinn, Aontas Náisiúnta na nIriseoirí.
104 Rialtas na hÉireann (2026b), ionchur i scríbhinn.
105 Cuairt tíre ar Éirinn, Craoltóirí Neamhspleácha Éireann.
106 Comhairle na hÉireann um Chearta an Duine (2026), ionchur i scríbhinn lgh. 21-22; The Journal (2026).
107 Mapping Media Freedom, próifíl tíre na hÉireann.
108 Monatóir ar Iolrachas sna Meáin (2026), próifíl tíre na hÉireann.
109 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (2025), lch. 9.
110 Arna chreidiúnú le stádas A ag Comhghuaillíocht Dhomhanda na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (GANHRI), ar comhghuaillíocht de chuid na Náisiún Aontaithe í.
111 Cuairt tíre ar Éirinn, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

sholáthar[112].

**Léiríonn níos mó ná dhá thrian de na cuideachtaí a ndearnadh suirbhé orthu in Éirinn go bhfuil muinín acu as éifeachtacht na cosanta infheistíochta.** Tá 81 % de chuideachtaí an-mhuiníneach nó measartha muiníneach go bhfuil infheistíochtaí faoi chosaint an dlí agus na gcúirteanna, figiúr ar tháinig laghdú beag air i gcomparáid le 2025 (83 %)[113]. A mhéid a bhaineann le húdaráis atá ábhartha d'oibreoirí eacnamaíocha, measann 73 % de chuideachtaí go bhfuil leibhéal neamhspleáchais an údaráis iomaíochta náisiúnta (an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí) an-mhaith nó measartha maith, figiúr ar tháinig laghdú beag air i gcomparáid le 2025 (75 %)[114]. Tá dlínse ag an gCúirt Uachtarach i roinnt cásanna a bhaineann le gnó, lena n-áirítear i gcásanna a bhaineann le soláthar poiblí, lamháltais phoiblí, conarthaí poiblí agus rialáil eacnamaíoch. Tá roinnt sásraí breithiúnacha ar fáil sna cásanna sin chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht, lena n-áirítear an fhéidearthacht go gcuirfí bearta eatramhacha i bhfeidhm[115].

**An 1 Eanáir 2026 bhí cur chun feidhme 2 phríomhbhreithiúnas, arna dtabhairt i leith na hÉireann ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, ar feitheamh, an líon céanna leis an mbliain roimhe sin[116].** An tráth sin, ní raibh aon phríomhbhreithiúnas ó na 10 mbliana roimhe sin i leith na hÉireann a bhí fós ar feitheamh, óir ba shine ná 10 mbliana d'aois an t-aon dá bhreithiúnas a bhí ar feitheamh. Ba é 13 bliana agus 7 mí an mheántréimhse ama a chaith na breithiúnais ar feitheamh lena gcur chun feidhme (i gcomparáid le 12 bhliain agus 7 mí in 2025)[117]. Baineann an príomhbhreithiúnas is sine, a bhfuil a chur chun feidhme ar feitheamh le 15 bliana anuas, le mainneachtain a áirithiú go dtabharfaí cás coiriúil os comhair cúirte go tráthúil, rud a sháraigh ceart an iarratasóra chun trialach córa laistigh de thréimhse réasúnta ama[118]. A mhéid a bhaineann le sprioc-amanna íocaíochta a urramú, an 31 Nollaig 2025 ní raibh aon chás ann ag feitheamh le deimhniú íocaíochtaí (mar a bhí in 2024)[119]. An 17 Meitheamh 2026, bhí dhá phríomhbhreithiúnas fós ar feitheamh lena gcur chun feidhme.[120]

**Saothraíodh tuilleadh tionscnamh chun cultúr an smachta reachta a chur chun cinn.** Sheol an Roinn Gnóthaí Eachtracha an Ciste um Méadú agus um Luachanna Bunúsacha an Aontais Eorpaigh in 2024, arb é is cuspóir dó tionscadail agus gníomhaíochtaí incháilithe, lena n-áirítear tacaíocht don smacht reachta, a chistiú sna Ballstáit, i dtíortha an mhéadaithe, agus trí Chomhairle na hEorpa. In 2025, deonaíodh cistiú do 32 thionscadal in 15 thír i Lár,

112 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (2026), ionchur i scríbhinn.

113 Fíoracha 52 agus 53, an Scórchlár Ceartais AE 2026. Ní mheasann ach 11 % agus 10 % de na hinfheisteoirí a ndearnadh suirbhé orthu faoi seach gur ábhar imní dóibh cáilíocht, éifeachtúlacht nó neamhspleáchas an cheartais agus athruithe tráthrialta ar an reachtaíocht nó gur ábhar imní dóibh cáilíocht an phróisis reachtóireachta mar chúis leis an easpa muiníne as cosaint infheistíochta.

114 Fíor 60, Scórchlár Ceartais AE 2026.

115 Fíoracha 66 agus 67, Scórchlár Ceartais AE 2026. Ní léirítear sna sonraí a chuirtear i láthair ach na sásraí atá i bhfeidhm ar leibhéal na ndlínsí riaracháin is airde; d'fhéadfadh an sásra céanna nó sásraí eile a bheith i bhfeidhm i gcúirteanna riaracháin ar chéimeanna níos ísle.

116 Chun míniú a fháil ar an bpróiseas maoirseachta, féach suíomh gréasáin Chomhairle na hEorpa.

117 An Líonra Eorpach um Chur Chun Feidhme a ríomhann na figiúirí uile agus tá siad bunaithe ar an líon cásanna a mheastar a bheith ar feitheamh ag an scoithdháta bliantúil an 1 Eanáir 2026. An Líonra Eorpach um Chur Chun Feidhme (2026), ionchur i scríbhinn, lgh. 5-6.

118 Breithiúnas ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, 31333/06, *McFarlane v Éire*, ar feitheamh lena chur chun feidhme ó bhí 2010 ann.

119 Comhairle na hEorpa (2026), lch. 163.

120 Sonraí de réir bhunachar sonraí ar líne Chomhairle na hEorpa (HUDOC).

Oirthear agus Oirdheisceart na hEorpa agus i réigiún Chugais[121]. Cistíodh clár 3 bliana dar teideal 'Éire ar son Mhéadú an Aontais' chun cúnamh a thabhairt d'oifigigh ó thíortha is iarrthóirí agus is iarrthóirí ionchasacha roghnaithe ar bhallraíocht san Aontas lena gcuid oibre chun ailíniú le caighdeáin an Aontais, lena n-áirítear aird ar a áirithiú go gcloífear le prionsabail an smachta reachta[122].

**Rinneadh dul chun cinn teoranta maidir leis an moladh go dtabharfaí aghaidh ar bhacainní dlíthiúla a bhaineann le rochtain eagraíochtaí sochaí sibhialta ar chistiú[123].** Deir Civicus i gcónaí go bhfuil an spás sibhialta in Éirinn 'oscailte'[124]. Leanann eagraíochtaí sochaí sibhialta dá n-ábhair imní a chur in iúl maidir leis na teorainneacha a fhorchuirtear leis an Acht Toghcháin, a léirmhíníodh chun toirmeasc ar chistiú chun 'críoch polaitiúil' a leathnú chuig tabhartais d'eagraíochtaí sochaí sibhialta[125]. Chuir páirtithe leasmhara in iúl nár tháinig ann go fóill don athchóiriú ar an Acht Toghcháin, 1997, a bhfuiltear ag súil leis le fada agus a bhfuil coinne leis go dtabharfaidh sé aghaidh ar shrianta ar chistiú na sochaí sibhialta[126]. Leanann an Coimisiún Toghcháin d'athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an Acht Toghcháin, 1997, agus cuirfear ábhair imní i ndáil le heagraíochtaí sochaí sibhialta san áireamh sna breithnithe níos leithne ar ghnéithe airgeadais na polaitíochta agus an daonlathais in Éirinn, agus tá coinne leis go bhfoilseofar na torthaí agus na moltaí i dtuarascáil[127]. Ar an iomlán, rinneadh dul chun cinn teoranta i ndáil le moladh 2025.

---

121 Rialtas na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 48.

122 Rialtas na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 48.

123 Moltar d'Éirinn i dTuarascáil 2025 maidir leis an Smacht Reachta 'leanúint de na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní dlíthiúla a bhaineann le rochtain eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar mhaoiniú, mar chuid d'athchóiriú an Achta Toghcháin'. Is é an measúnú a rinneadh roimhe seo i ndáil leis an moladh sin go ndearnadh roinnt dul chun cinn breise in 2025 agus 2024, agus roinnt dul chun cinn in 2023.

124 Is é 89/100 scór na hÉireann. Is de réir scála cúig chatagóir a shainítear rátálacha Civicus mar a leanas: oscailte, cúngaithe, bactha, curtha faoi chois agus dúnta.

125 Faoin Acht Toghcháin, 1997, is féidir le tríú páirtithe tabhartais suas le teorainn EUR 2 500 a ghlacadh ó bhronntóir in aon bhliain féilire ar leith. Is é léirmhíniú an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ar an reachtaíocht ábhartha go gcuimsíonn sí gníomhaíochtaí áirithe a dhéanann eagraíochtaí na sochaí sibhialta freisin, cuir i gcás obair abhcóideachta, lena n-áirítear obair a dhéantar lasmuigh de thréimhsí toghchánaíochta.

126 An tAontas um Shaoirsí Sibhialta don Eoraip (2026), lgh. 414-415.

127 Rialtas na hÉireann (2026), ionchur i scríbhinn, lch. 4.

## Iarscríbhinn I: Liosta na bhfoinsí in ord aibítre*

** Is féidir teacht ar liosta na n-aighneachtaí a fuarthas i gcomhthéacs an chomhairliúcháin le haghaidh Thuarascáil 2026 maidir leis an Smacht Reachta ag https://commission.europa.eu/publications/2026-rule-law-report-targeted-stakeholder-consultation_en.*


An Coimisiún Eorpach um Éifeachtúlacht an Cheartais (2026), *Study on the judicial systems in EU Member States.*

Civivus, *Monitor tracking civic space – Ireland*, https://monitor.civicus.org/country/ireland/.

An tAontas um Shaoirsí Sibhialta don Eoraip (2026), *Liberties Rule of Law Report*.

An tAontas um Shaoirsí Sibhialta don Eoraip (2025), *Liberties Rule of Law Report*.

An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) (2026), *Input for the 2026 Rule of Law Report.*

Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE) (2026), *Input for the 2026 Rule of Law Report.*.

Comhairle na hEorpa: GRECO (2025), *Fourth evaluation round: Second addendum to the second compliance report Ireland,* https://assets.gov.ie/static/documents/a992f7ad/GrecoRC420252-Final-eng-2nd_Add_to_the_2nd_Compliance_Report-Ireland-PUBLIC.pdf.

Comhairle na hEorpa: GRECO (2014), *Fourth evaluation round: Corruption prevention in respect of members of parliament, judges and prosecutors.* https://rm.coe.int/CoERMPublicCommonSearchServices/DisplayDCTMContent?documentId=09000016806c6921.

Comhairle na hEorpa (2026), *Supervision of the execution of judgments decisions of the European Court of Human Rights – 19th Annual Report of the Committee of Ministers – 2025*, *https://rm.coe.int/2025-annual-report/48802b1633*.

An tAcht um Imeachtaí Cúirteanna (Moilleanna), 2024 https://www.irishstatutebook.ie/eli/2024/act/12/enacted/en/html.

An tSeirbhís Chúirteanna (2025), *Annual report 2024*, https://www.courts.ie/docs/default-source/courts-annual-reports/courts-service-annual-report-2024.pdf.

An Bille um an Dlí Coiriúil, an Dlí Sibhialta agus Cosaint (Forálacha Ilghnéitheacha), 2026, https://www.oireachtas.ie/ga/bills/bill/2026/1/

An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (2026), *Input for the 2026 Rule of Law Report*.

An Roinn Dlí agus Cirt (2021), *Hamilton Review Group Implementation Plan,* https://assets.gov.ie/static/documents/hamilton-review-group-implementation-plan.pdf.

An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (2026), *Input for the 2026 Rule of Law Report.*.

An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (2026), *Press release on anti-SLAPP Bill*, https://www.gov.ie/en/department-of-justice-home-affairs-and-migration/press-releases/minister-jim-ocallaghan-announces-passage-of-defamation-bill-through-oireachtas-and-publishes-general-scheme-of-slapps-bill/.

An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (2026), *Press release on general scheme of the Civil Reform Bill,* https://www.gov.ie/en/department-of-justice-home-affairs-and-migration/press-releases/minister-jim-ocallaghan-publishes-civil-reform-bill-to-overhaul-judicial-review-and-streamline-courts-processes/.

An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (2025), *Press release on review of Civil Legal Aid Scheme*, https://www.gov.ie/en/department-of-justice-home-affairs-and-migration/press-releases/minister-jim-ocallaghan-publishes-historic-review-of-civil-legal-aid-scheme/.

An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (2025), *Report on Civil Legal Aid Scheme.*.

An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (2023), *Press release on independent review group's report on Offences Against the State Act*, https://www.gov.ie/en/department-of-justice-home-affairs-and-migration/publications/offences-against-the-state-act-independent-review-groups-reports/.

Roinn an Taoisigh (2025a), *Clár an Rialtais 2025 - Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú*, https://assets.gov.ie/static/documents/Clar_an_Rialtas_2025.pdf.

Roinn an Taoisigh (2026), *Spring 2026 Government Legislation Programme*, https://assets.gov.ie/static/documents/2d498498/Government_Legislation_Programme_Spring_2026.pdf.

Roinn an Taoisigh (2025b), *Spring 2025 Government Legislation Programme*, https://assets.gov.ie/static/documents/government-legislation-programme-spring-2025.pdf.

An Coimisiún Toghcháin (2026) *Summary of Research Submissions*, https://www.electoralcommission.ie/app/uploads/2024/07/RESEARCH-PROGRAMME-SUMMARY-OF-SUBMISSIONS.pdf.

Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil (2025), *Tuarascáil Tíre maidir le hÉirinn*.

Dlí Comhshaoil na hÉireann, tionscnamh arna óstáil ag An Taisce (2026), *Input for the 2026 Rule of Law Report*. .

An Coimisiún Eorpach (2026), *Scórchlár Ceartais AE.*

An Coimisiún Eorpach (2026), *Flash Eurobarometer 582 on businesses' attitudes towards corruption in the EU* [Flais-Eorabharaiméadar 582 maidir le dearcthaí gnólachtaí i leith an éillithe san Aontas].

An Coimisiún Eorpach (2025), *Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta, An chaibidil tíre ar staid an smachta reachta in Éirinn.*.

An Coimisiún Eorpach (2024), *Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta, An chaibidil tíre ar staid an smachta reachta in Éirinn.*.

An Coimisiún Eorpach (2023), *Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta, An chaibidil tíre ar staid an smachta reachta in Éirinn.*

An Coimisiún Eorpach (2026), *Special Eurobarometer 573 on citizens' attitudes towards corruption in the EU* [Eorabharaiméadar Speisialta 573 maidir le dearcthaí saoránach i leith an éillithe san Aontas].

An Líonra Eorpach um Chur Chun Feidhme (2026), *Input for the 2026 Rule of Law Report* .

Lárionaid um Chúnamh Dlíthiúil Saor in Aisce (2026), *Input for the 2026 Rule of Law Report*.

Scéim Ghinearálta an Bhille um Athchóiriú Sibhialta, https://www.gov.ie/en/department-of-justice-home-affairs-and-migration/press-releases/minister-jim-ocallaghan-publishes-civil-reform-bill-to-overhaul-judicial-review-and-streamline-courts-processes/

Comhairle na hÉireann um Chearta an Duine, Éire (2026), *Input for the 2026 Rule of Law Report*.

Rialtas na hÉireann (1997), *An tAcht Toghcháin, 1997*.

Rialtas na hÉireann (2026), *Input from Ireland for the 2026 Rule of Law Report.*.

Rialtas na hÉireann (2026a), *additional input from Ireland for the 2026 Rule of Law Report.*

Rialtas na hÉireann (2026b), *additional input from Ireland for the 2026 Rule of Law Report*.

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (2026), *Input for the 2026 Rule of Law Report*.

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) (2025), *Annual Report*.

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) (2022), *Annual Report*.

Coimisiún na Meán (2025), *Draft Media Pluralism Policy* .

Coimisiún na Meán (2026), *Input for the 2026 Rule of Law Report*.

Coimisiún na Meán (2026b), *additional input for 2026 Rule of Law Report*.

Breithiúnas ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, 31333/06, *McFarlane v. Éire*.

Dlí-Chumann na hÉireann (2026), *Justice Indicators Report*, https://www.lawsociety.ie/policy-and-law-reform/justice-indicators-report/.

Dlí-Chumann na hÉireann (2026), *Submission on Civil Legal Aid for Joint Committee on Justice, Home Affairs and Migration.*

Mapping Media Freedom (2026), *Ireland Country Profile*, https://www.mappingmediafreedom.org/.

Na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit.

An Oifig um Sholáthar Rialtais (2024), *Policy statement: developing a new public procurement strategy for Ireland*, https://www.gov.ie/ga/oifig-um-shol%C3%A1thar-rialtais/foilseachain/policy-statement-developing-a-new-public-procurement-strategy-for-ireland/.

Ceist pharlaiminteach (2026), Uimh. 472 go 475, a cuireadh an 10 Feabhra 2026, https://www.oireachtas.ie/ga/debates/question/2026-02-10/472/.

Ceist pharlaiminteach (2025), Uimh. 660, a cuireadh an 25 Samhain 2025, https://www.oireachtas.ie/ga/debates/question/2025-11-25/660/.

Ceisteanna tosaíochta, Díospóireacht Dháil Éireann, Déardaoin, an 11 Nollaig 2025 https://www.oireachtas.ie/ga/debates/debate/dail/2025-12-11/2/#spk_14

An tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú) (2022), *An tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022*.

Barra na hÉireann (2026), *Input for the 2026 Rule of Law Report*..

Transparency International (2026), *Corruption Perceptions Index 2025*, https://www.transparency.org/en/cpi/2025.

Transparency International Ireland (2026), *Input for the 2026 Rule of Law Report.*

Transparency International (2025), *Speak Up Report 2025, https://transparency.ie/resources/whistleblowing#Reports*.

Freagra i Scríbhinn (2026) ón Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce ar Cheisteanna Parlaiminteacha 722 go 727, https://www.oireachtas.ie/ga/debates/question/2026-03-24/722/#pq-answers-722_723_724_725_726_727

**Iarscríbhinn II: Cuairt tíre ar Éirinn**

Bhí cruinnithe fíorúla ag seirbhísí an Choimisiúin i mí Feabhra 2026 leis na daoine agus na heagrais seo a leanas:

- An Chomhairle Chomhairleach in aghaidh na Coireachta Eacnamaíche agus an Éillithe
- Cumann Breithiúna na hÉireann
- Comhlachas Breithiúna
- Barra na hÉireann
- Cumann Tráchtála Éireann
- An Príomh-Bhreitheamh
- Coimisiún na Meán
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
- An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (CEA)
- An tSeirbhís Chúirteanna
- An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce
- An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- Tionscnamh Dhlí Comhshaoil na hÉireann
- Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána (GACU)
- Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch
- Craoltóirí Neamhspleácha Éireann
- Comhairle na hÉireann um Shaoirsí Sibhialta
- Líonra Comhshaoil na hÉireann
- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- Comhairle Preasa na hÉireann
- Comhlachas Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann (ISME)
- An Chomhairle Bhreithiúnach
- Dlí-Chumann na hÉireann
- An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
- Aontas Náisiúnta na nIriseoirí
- Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus SFU
- Oifig an Ombudsman Póilíneachta
- RTÉ (Meáin Seirbhíse Poiblí)
- An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
- Comhairle Preasa na hÉireann
- Transparency International

* Bhuail an Coimisiún leis na heagraíochtaí seo a leanas freisin le linn roinnt cruinnithe

cothrománacha:

- Aontas na Saoirsí Sibhialta ar son na hEorpa
- Sochaí Shibhialta na hEorpa
- End FGM EU
- Fóram Eorpach na Saoránach
- An Chomhpháirtíocht Eorpach um Dhaonlathas
- Human Rights Watch
- Cumann Idirnáisiúnta na Leispiach, na nDaoine Aeracha, na nDéghnéasach, na dTrasinscneach agus na nIdirghnéasach (ILGA)-An Eoraip
- An Chónaidhm Idirnáisiúnta um Chearta an Duine
- Comhlachas um Dhaonchairdeas na hEorpa (Philea)
- Transparency International EU